Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

12678/23

LIMITE

COMPET 837
IND 447
MI 715
BETREG 23
DIGIT 170
ECOFIN 856
EDUC 344
ENER 478
ENV 965
POLCOM 200
RECH 390

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Obair leantach i ndáil le Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht an mhargaidh aonair san fhadtéarma, i bhfianaise na dteachtaireachtaí ón gCoimisiún '30 bliain den Mhargadh Aonair' agus 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais': Ról na seiceálacha iomaíochais i bhfoirmliú tograí reachtacha<br>- Díospóireacht bheartais |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta cúlra ón Uachtaránacht maidir le 'Obair leantach i ndáil le Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht an mhargaidh aonair san fhadtéarma, i bhfianaise na dteachtaireachtaí ón gCoimisiún '30 bliain den Mhargadh Aonair' agus 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais': Ról na seiceálacha iomaíochais i bhfoirmliú tograí reachtacha' d'fhonn go mbeidh díospóireacht bheartais ag an gComhairle Iomaíochais an 25 Meán Fómhair 2023.

**Obair leantach i ndáil le Conclúidí ón gComhairle Eorpach i mí an Mhárta agus i mí an Mheithimh maidir le hiomaíochas agus táirgiúlacht an mhargaidh aonair san fhadtéarma, i bhfianaise na dteachtaireachtaí ón gCoimisiún '30 bliain den Mhargadh Aonair' agus 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais': Ról na seiceálacha iomaíochais i bhfoirmliú tograí reachtacha.**

PUBLIC

**Díospóireacht bheartais**

Tá fiontair Eorpacha ar chuid de na príomhnithe a spreagann ár sochaí: cruthaíonn siad poist, nuálaíocht agus rathúnas. Is coinníollacha riachtanacha iad an t-iomaíochas agus an táirgiúlacht d'fheidhmiú cuí fiontar agus bhí siad i gcroílár bheartas an Aontais le blianta fada anuas.

Is foinse rathúnais í samhail fáis eacnamaíoch na hEorpa le blianta fada anuas. Mar sin féin, léirítear go raibh an meánfhás ar tháirgiúlacht san Aontas níos laige ná mar a bhí i ngeilleagair mhóra eile ó lár na 1990í i leith, rud a bhfuil bearna atá ag leathnú sna leibhéil táirgiúlachta mar thoradh air.

Léiríonn roinnt táscairí go bhfuil meath tagtha ar tháirgiúlacht an Aontais le blianta beaga anuas: tá praghsanna fuinnimh i bhfad níos airde san Aontas ná mar atá in áiteanna eile ar domhan, tá infheistíocht T&D íseal, tá an baol ann go dtitfidh an tAontas chun deiridh sa gheilleagar digiteach, tá an margadh caipitil fiontair tearcfhorbartha, tá méadú tagtha ar cheanglais rialála, agus tá neamhshiméadracht ann le codanna eile den domhan maidir le hoibleagáidí corparáideacha.

Tá tionchar diúltach ag paindéim COVID-19 agus ag ionradh na Rúise ar an Úcráin ar gheilleagar an Aontais agus leag siad béim ar an ngá atá le straitéis uaillmhianach fhadtéarmach iomaíochais de chuid an Aontais a bhunú chun a áirithiú gur áit í an Eoraip le infheistíocht a dhéanamh agus le poist a chruthú inti arís.

Ina theannta sin, tá an tAontas ag tabhairt aghaidh ar chlaochlú struchtúrach atá bunaithe ar an gceangal geopholaitiúil, ar an athrú déimeagrafach, ar an digitiú agus ar an aistriú chuig geilleagar ciorclach aeráidneodrach. Chun an claochlú sin a chur chun feidhme, cuireadh roinnt tograí reachtacha chun cinn le blianta beaga anuas lena gcruthaítear deiseanna nua agus lena n-éilítear freagrachtaí nua ó chuideachtaí, a mbeidh tionchar suntasach acu ar iomaíochas cuideachtaí Eorpacha, go háirithe FBManna.

PUBLIC

Ní mór don Aontas borradh a chur faoina iomaíochas tríd an leas is fearr is féidir a bhaint as an margadh inmheánach trí thimpeallacht rialála intuartha a chuideoidh le hinfheistíocht, le cruthú post agus leis an nuálaíocht.

Is é margadh na hEorpa an margadh aonair comhtháite is mó ar domhan agus tá sé ar cheann de na margaí is dírithe ar an taobh amuigh; dá bhrí sin, ní mór aird a thabhairt ar iomaíochas idirnáisiúnta chuideachtaí an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic an Coimisiún Eorpach an 16 Márta 2023 na teachtaireachtaí '30 bliain den Mhargadh Aonair' agus 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'. Luaitear go sainráite sa dara ceann go bhfuil cáilíocht an chreata rialála ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais.

Luaitear sa Teachtaireacht go '[n]*Áirithítear leis an tseiceáil iomaíochais nua go gcuirfear i láthair ar bhealach comhtháite i measúnuithe tionchair na dtograí reachtacha na tionchair a bhfuiltear ag súil leo ó gach togra maidir le hiomaíochas costas agus praghsanna, maidir le hiomaíochas idirnáisiúnta agus maidir leis an gcumas dul i mbun nuálaíochta, agus maidir le hiomaíochas FBManna freisin*'. Sa teachtaireacht, ghabh an Coimisiún air féin oibriú ar conas measúnú níos fearr a dhéanamh ar thionchair charnacha na mbeart beartais éagsúil ar leibhéal an Aontais d'fhonn modheolaíocht a fhorbairt.

Ag tógáil ar an Teachtaireacht sin, d'iarr an Chomhairle Eorpach an 23 Márta 2023, ina Conclúidí, *inter alia*, go gcuirfí chun cinn an obair maidir le timpeallacht rialála lena gcothófaí fás. Go sonrach, d'iarr sí an timpeallacht rialála ghinearálta a shimpliú agus an t-ualach riaracháin a laghdú trí sheiceálacha iomaíochais a dhéanamh le haghaidh tograí reachtacha nua.

Iarrtar ar na hAirí na hábhair a leanas a phlé:

– Agus é mar aidhm aige geilleagar Eorpach níos láidre agus níos athléimní a thógáil, agus rialacháin a cheapadh a thacóidh le hiomaíochas agus fás inbhuanaithe an Aontais: Cad iad na gnéithe a mheasann tú a bheith fíor-riachtanach i seiceálacha iomaíochais? Cad a d'fhéadfaí a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad?

– Cá mhéad ar cheart feidhm a bheith ag seiceálacha iomaíochais maidir le tograí reachtacha amháin nó maidir le pleananna straitéiseacha agus gníomhaíochta freisin?

– I do thuairimse, conas a d'fhéadfadh an Chomhairle Iomaíochais cur leis an measúnú ar iomaíochas thograí reachtacha an Choimisiúin Eorpaigh?

– An bhfuil seiceálacha iomaíochais san áireamh i do chuid phróiseas? An féidir leat dea-chleachtais a roinnt?

PUBLIC